# Guth Ghoill

**Luach € 2.00**

## Féile Mhíobhaigh 2014















***Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.***
**Fón: 074 9154830 / Facs: 074 9154830 / Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net**

# An Clár


Féile Mhíobhaigh 2014 — 1
Pictiúir ó Nóirín Goulding

In Éagmais Shéamuis i Ros Goill — 3

Mo Chéad Fhaoistin — 6

Cluain tSaileach (ar leanstan) — 7
Muintir Mhicí Dhonchaidh (Uí Ghallchóir)

Buaiteoirí san Fhéile Náisiúnta Scoildrámaíochta — 14

Dhá leabhar le hÚdair Áitiúla — 15

An dráma "Ar Thóir an Óir"

Féile Drámaíochta Chéim Aniar — 17

Feadaímó — 19

Bronnadh Ghlór na nGael
Tráth na gCeist
Siopaí Ros Goill — 20


© Céim Aniar Teoranta

# In Éagmais Shéamuis i Ros Goill



*Seamus Heaney le Máiréad Uí Ghallchóir (Ní Chonbhuí) atá ainmnithe sa dán "The Gaeltacht", dán a dhéanann cuimhne ar chuairt go Ros Goill.*

Casadh Seamus Heaney orm don chéad uair dhá bhliain agus trí scór cothrom sular cuireadh a chorp i gcré i mBéal Achaidh i Meán Fómhair s'chuaigh thart.

Scrúdú agus an aibítir a chuir le chéile muid ar ár gcéad lá i gColáiste Cholmcille i nDoire i Meán Fómhair 1951. Ba é an toradh a bhí ar an scrúdú ná gur roghnaíodh muid le bheith le chéile i rang 2D in éindí le seachtar gasraí is fiche eile. Chríochnaigh an bheirt againn an scrúdú go luath agus bhí comhrá cogarnaí againn. "Muna raibh tú anseo anois, cá háit ar mhaith leat a bheith?" a dúirt mé leis. "Sa bhaile" a dúirt sé láithreach bonn. D'fhan tobainne agus cinnteacht a fhriotail liom go dtí inniu féin. Fuair mé amach uaidh go raibh scoláireacht aige, mo dhála féin, go dtí an coláiste an bhliain roimhe sin ach, mo dhála féin arís nach raibh cead aige dul ann ar bhun aoise. D'inis sé domh gur thosaigh sé ag foghlaim Gaeilge agus Laidine óna mhúinteoir bunscoile idir an dá linn. Ba léir gur choinnigh sé meas don dá theanga sin ón teachtaireacht dheireanach lena bhean chéile Marie - "Noli timere" agus mar a d'aithris sé "An Bonnán Buí" i bhFóram na Mílaoise i nDoire cúpla seachtain roimh a bhás.

Bhí triúr againn as an chéad rang sin i gColáiste Cholmcille a chuaigh, ní amháin fríd an choláiste sin le chéile, ach fríd Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus Coláiste Oiliúna Naomh Iosef le chéile comh maith; Séamus, Séamus eile as deisceart Chondae Dhoire agus mé féin. Ins an tréimhse sin chonaic mé Séamus ag fás aníos ó ghasúr dhá bhliain déag d'aois le bheith ina fhear fiche 's a trí bliana d'aois, é léannta agus eolach thar an choiteann.

Diomaite de sin uilig áfach, agus ádhúil go maith, níor athraigh sé mórán ar chor ar bith dá bhfacas domhsa.

Níor casadh sin ariamh orm fear a raibh níos mó meas aige ar léann agus eolas. Cuideachta den scoith a bhí ann agus an-acmhainn grinn aige. Ba léir an meas a bhí ag lucht a chomhaimsire air ón méid acu a tháinig chuig an dinnéar a bhí againn ina onóir i nDoire nuair a bronnadh an Duais mhór Nobel air.

Ainneoin gur ar léann an Bhéarla a ba mhó a aird ar an Ollscoil, choinnigh sé suas a spéis sa Ghaeilge agus bhí Gaeilge uasal, shaibhir, chruinn aige. Chaitheadh an bheirt againn corr-dheireadh seachtaine i mBaile Átha Cliath ins na blianta sin, ag síobaireacht agus ag scéalaíocht linn. Uaireanta eile bhí muid páirteach ins na drámaí a bhíodh á léiriú ag an chumann Ghaelach san Ollscoil agus cúpla uair ar a laghad bhí muid ar an fhoireann amháin i ndíospóireachtaí Gaeilge.

I 1960 nuair a bhí muid sa tríú bhliain ar an ollscoil agus mé féin i mo reachtaire ar an chumann ghaelach ansin, fuair mé úsáid ar Choláiste Samhraidh Ros Goill, a mbíodh mo dhearthháir Réamann ina rúnaí air agus mo dhearthháir Jack ina bhall coiste agus ina mhúinteoir ann. D'eagraigh mé seal seachtaine i Ros Goill i rith laetha saoire na Cásca 1960. Is beag a shíl mé go mbeadh an eachtra sin ina bhunábhar dháin ag duaiseoir Nobel san fhilíocht.



*Ó chlé: Nollaig Mac Lochlainn, Patsy Ó Cuaig, Seamus Heaney, Aoibheann Marren, Pádraigín Ní Bhrolcháin, Peadar Ó Gallchóir, Máiréad Ní Chonbhuí, Vera Ní Raifeartaigh & Pádraig Simon Ó Gallchóir*

Tháinig Séamus ar an turas sin leis an chailín a raibh sé luaite léi ins an am, cailín darbh ainm Aoibheann Marron as Sligeach agus bhí cailín liom féin as Oileán a' Ghuail i dTír Eoin darbh ainm Máiréad Ní Chonbhuí (*Margaret Conway*) atá pósta orm anois le hocht mbliana agus dhá scór. Tá an bheirt chailín luaite ag

Séamus ina dhán "*The Gaeltacht*" ina chnuasacht "Electric Light" (Faber and Faber 2001).

Bhí daoine eile ar an turas nach bhfuil a n-ainmneacha luaite ag an fhile ach a bhfuil a ngrianghraif agus a n-ainmneacha anseo. Tá daoine eile luaite sa dán nach raibh ar an turas ach is daoine iad uilig a raibh aithne mhaith ag an bheirt againn orthu agus acusan ar an bheirt againne.

Bhí na cailíní ar an turas ag stopadh i dteach Fannie Uí Ghallchobhair agus tá mac an tí, sin Pádraig Simon Ó Gallchóir ins na pictiúir. Bhí muidinne, buachaillí ag stopadh i dteach Mháire Shéimí Mhic Ruairí, teach inar fhan mé féin ar chúpla cuairt roimhe. Tháinig muid Dé Sathairn an dara lá Aibreáin, 1960.



*Teach Mháire Shéimí, Máire ar dheis.*

Bhí Aifreann againn an mhaidin dár gcionn i dTeach Pobail Réalt na Mara ag bun Gháinne. Chaith muid an chuid is mó den Luan sna Dúnaibh; an Mháirt fá Charraig Airt; Dé Céadaoin shiúil muid amach go Dumhaigh, áit a raibh picnic againn, le Cidona, uachtar reoite, brioscaí, seacláid agus milseáin a cheannaigh muid i siopa Uí Ghallchobhair i nDumhaigh.

Is faoin tsiúlóid sin amach go Dumhaigh agus ar ais a bhí Séamus ag caint nuair a labhair sé faoin gheabaireacht os cionn na trá sa dán "*The Gaeltacht*". Bhí ár gcomhrá i rith na seachtaine sin il-theangach idir Ghaeilge agus Laidin chomh maith le Fraincis agus Béarla. Bhí sin againn fosta - scéalaíocht, filíocht, amhráin agus cleasaíocht ar fhocail. Ba mhinic mé féin ag dul don amhrán "Tá mé 'mo shuí ó d'éirigh an ghealach aréir…". D'athraigh Séamus "an ghealach aréir" go "an Gallagher Air".

Mo dhála féin, bhí dúil as cuimse ag Séamus i Ros Goill. Bhí dúil againn ann mar áit, leis na cosáin agus na cuibhrinn a bhíodh ag cur thar maoil le Deora Dé agus Cúr an Léana. Thairis sin ar ndóigh



*Ó chlé: Seamus Heaney, ?, Gearóid Mac Giolla Domhnaigh, Nollaig Mac Lochlainn, Peadar Ó Gallchóir, Aoibheann Marren, Máiréad Ní Chonbhuí, Pádraigín Ní Bhrolcháin, Patsy Ó Cuaig.*

bhí dúil againn sna daoine ar a gcairdeas, ar a gcarthanacht agus ar a gcuid cainte. Thug muid cuairt ar chuid mhór de na tithe ar ghnách le lucht an choláiste samhraidh bheith ag stopadh iontu, mar shampla: Teach Nítí Nellie, Teach Mhic Laifeartaigh (John agus Peigí ar an Mhuirleog), Teach Sophie Logue, Teach Mháire Marley, Teach Mháire John, Teach Hiúdaí Mhuiris, Teach Fannie Uí Ghallchobhair, Teach Mhicí Ginn agus Teach Mhic Eiteagáin. Thug muid cuairt fosta ar shean-Óstán Rosapenna (Ros na Binne) ach ba bheag an t-am agus ba lú an t-airgead a bhí againn le caitheamh ansin an uair úd.

Tráthnóna Dé Máirt thug muid cuairt ar Phádraig Ó Siadhail a raibh bua na scéalaíochta aige; thug muid cúpla cuairt ar Mhánus Mhór Ó hOireachtaigh agus fuair muid taispeántas rince ar an sean-nós uaidh sin mar aon le scéalta eile.

Sin uilig ráite ba ins na tithe a raibh muid a' stopadh iontu a chaith muid formhór mór ár gcuid ama. Níor chuir mé mórán ceisteanna faoi cad a bhí ar siúl ag na cailíní i dteach Uí Ghallchobhair ach fuair mé amach go raibh rud amháin ar a laghad ar siúl ag Máiréad (mo bhean anois). Bhí Máiréad ina rúnaí ar an Chumann Ghaelach in Ollscoil na Ríona ag an am sin agus choinnigh sí dialann iontach cruinn ar an turas sin. Chan amháin sin ach aici féin a bhí an ceamara amháin ar an turas. Is aicse mar sin atá gach creidiúint tuillte go bhfuil an scéal seo chomh h-iomlán agus chomh cruinn agus atá sé; rogha rúnaí agus togha bean chéile.

Is ar an chraic níos mó ná an obair a bhí an bhéim i dteach na mbuachaillí. Chonacthas dúinn go raibh bean a tí, Máire Shéimí, ag baint oiread suilt as an chraic is bhí muidinne. Bean laghach chineálta, croí ceart na féile, a ba Máire. Fágadh ina baintreabhach í nuair a fuair a fear céile,

James, bás trí bliana gearra roimh an chuairt s'againne agus fágadh í le seisear clainne. Chaill sí a máthair féin níos lú ná mí sula dtáinig muidinne. Ainneoin is go raibh cuidiú iontach aici óna hiníon, caithfidh sé go raibh sé cruaidh go maith aici freastal ar dhream mar muid.



*Máire Mhic Laifeartaigh, Nancy Sheamaí, Mae, Peigí, Máire Shéimí agus Joe chun tosaigh.*

Daichead bliain i ndiaidh ár seala i Ros Goill ag an Cháisc i 1960 bhí mé ag déanamh réidh (mar cheann urra ar Institiúid Bhreis agus Ard-Oideachais an Iar-Thuaiscirt i nDoire) le foirgneamh mór nua a oscailt mar chuid den fhorbairt mhór a bhí muid i ndiaidh a thoiseacht agus bheartaigh mé ar chuireadh a thabhairt do Shéamus an oscailt oifigiúil a dhéanamh. Bhí sé creathnach doiligh é a aimsiú ag an am sin mar bhí sé thar lear cuid mhór den am ins na blianta sin agus é iontach gnóthach. Fuair mé litir iontach deas uaidh (litir a bhí ní b'fhaide ná ba ghá) ag déanamh leithscéil nach ligfeadh a dhialann dó bheith ar fáil nuair a bhí mé á lorg. Chríochnaigh sé an litir leis an cheist "Who would have thought we'd have ended up like this?" I dtrátha an ama sin tháinig a chnuasacht úr amach dár teideal "Electric Light" (Faber and Faber 2001) leis an dán "The Gaeltacht".

Ba mhinic Séamus ar ais i dTír Chonaill ina dhiaidh sin. Uair amháin sna seachtóidí bhí sé de phribhléid agam mar cheann urra ar Choláiste Réigiúnach Leitir Ceanainn (LYIT anois), fáilte a chur roimhe le labhairt faoina chuid filíochta agus cuid di a aithris.

Ar ndóigh bhí oíche go maidin againn le chéile nuair a d'eagraigh mé féin agus beirt eile fáilte speisialta ina onóir i nDoire nuair a bhain sé an duais mhór.

Uaireanta eile chasfaí ar a chéile muid ar champus oideachais éigin nuair a bhí mé ar Sheanad Ollscoil na Ríona nó ar a mhacasamhail chéanna de phost i mBaile Átha Cliath nó i gColáiste Mhig Aoidh i nDoire.

An comhrá deireanach a bhí idir Séamus agus mé bhí sé ag tórramh an Athar Chiaráin Uí Dhoibhlin, deartháir leis an Athair Breandán Ó Doibhlin a léigh Aifreann na Marbh do Shéamus bliain ina dhiaidh sin. An uair dheireanach a chonaic mé is a chuala mé Séamus bhí sé ar an ardán i Halla na Mílaoise i nDoire ag aithris "An Bonnan Buí" (le Cathal Buí Mac Giolla Ghunna) i measc rudaí eile. 'Sé deirimse anois i gcead do Chathal Bhuí "A Shéamus a chroí, is é mo léan do luí ……….."

Ba léir domh gur fhág an tseachtain a chaith sé i Ros Goill lorg láidir ar intinn Shéamuis nuair a bhí sé in inmhe léaráid chomh samhlaíoch sin a fhágáil againn fá dtaobh de. Ba mise an t-urlabhraí a bhí ar an scaifte a thug an chuairt sin ar Ros Goill i 1960. Tá áthas orm gur mhair mé fada go leor le buíochas ó chroí a ghabhail le mo chomh-chuairteoirí uilig idir bheo agus mhairbh agus go háirithe le Séamus as a gcuideachta a roinnt liom.



*Ar chúl ó chlé: Vera Ní Raifeartaigh, Pádraig Simon Ó Gallchóir, Peadar Ó Gallchóir, Máiréad Ní Chonbhuí (Margaret Conway sa dán), Pádraigín Ní Bhrolcháin, Aoibheann Marren, ? agus Nollaig Ó h-Urmoltaigh. Chun tosaigh ó chlé: Gearóid Mac Giolla Domhnaigh, Patsy Ó Cuaig & Seamus Heaney.*

Ós a chionn sin agus ar son ár scaifte, gabhaim buíochas ó chroí le pobal caoin, cneasta Ros Goill as muid a shaibhriú lena gcairdeas, a gcineáltas agus a gcultúr uasal Gealach. Bhí áthas orm nuair a saolaíodh Céim Aniar. Tá áthas orm go bhfuil sí ag dul chun tosaigh agus go bhfuil Peigí Mháire Shéimí gníomhach san eagraíocht, Dia go deo le Céim Aniar.

*Peadar Ó Gallchóir, Doire.*

# Mo Chéad Fhaoistin

Níl barraíocht cuimhne agam ar an lá a rinne mé mo Chéad Chomaoineach ach tá na pictiúirí agam den lá mór. Tá cineál de chuimhne agam ar an lá a rinne mé mo Chéad Fhaoistin, tá mo chuimhne ag dul rud beag 'un deiridh anois, seanaois. Cibé a bhí ag dul ar aghaidh sa bhaile an lá sin i gCluain tSaileach, cha raibh mo mháthair ábalta mé a thabhairt go Carraig Airt go Teach an Phobail. Bhail, bhí beirt níos óige ná mé sa teach, Domhnall, a bhí thart ar cheithre bliana agus Máire, a bhí thart ar bhliain d'aois. Bhí a cuid lámha lán ag mo mháthair. De ghnáth, bheadh Kitty Dhonnchadh Mhicheál ag amharc inár ndiaidh ach sílim go raibh muid rud beag amuigh as na tachráin nuair a rinne sí seo.



*Hannah Ghracie*

D'iarr mo mháthair ar Hannah Ghracie, go ndéana Dia trócaire ar a hanam, mé a thabhairt chuig Teach an Phobail agus ar shiúl leis an bheirt againn, Hannah ar an bhicycle agus mise ar an charraeir. Tugadh na hordaithe dom gan na cosa a chur a chóir spócaí an rotha a bhí fúm agus bhí mo sheacht dhícheall le déanamh agam le cuimhne a choinneáil ar seo.

Mar a dúirt mé cheana féin, níl barraíocht cuimhne agam ar an Fhaoistin ach oiread leis an Chéad Chomaoineach ach caithfidh go deachaigh sé i bhfeidhm go mór orm mar go raibh mé ag insint na peacaí céanna don tsagart go ceann fada, fada ina dhiaidh sin. Creidim gur aithin an sagart mé chomh luath agus thosaigh mé ar mo rása achan uair a deachaigh mé chuige ina dhiaidh sin.

Tugadh an t-ordú dom arís sular fhág muid Teach an Phobal i gCarraig Airt gan na cosa a chur a chóir an rotha agus bhí m'intinn dírithe go mór air ag tús an turais 'n bhaile. Chuir an Sacraimint úr seo a bhí glactha agam don chéad uair, cuma úr ar m'anam agus chuir seo gliondar ar mo chroí agus bhí tiúin ar dóigh orm. Ach ghlac an gliondar tús áite roimh achan sórt eile agus ag teacht anuas ag Tigh Shearlaí Phádraig, chuaigh an gliondar seo síos i rith an bhealaigh fhad leis an ladhar mhór agus chuaigh mo chos isteach sa roth agus thit mise den charraeir. Bhí an t-ádh orm mar nach raibh barraíocht damáiste déanta agus char briseadh cnámh ar bith sna cosa ach bhí mo mhurnán leonta agus cúpla scríob uirthi agus bhí mé rud beag bacach ar feadh cúpla lá ina dhiaidh.



An Chéad Chomaoineach 1957
Scoil Mhíobhaigh

*Ó chlé tá Adelheid Lichtenfeld (as Gort na Luchóg a máthair); Anna Ní Bhuaidhe (Ann Boyce), Ceann an Leargaidh; Seán Ó Sibhleáin, Ailt a Chaorthain; Anna Nic Giolla Bhríde (Ann Tommy), Leargan Riach; Sábha Nic Giolla Bhríde (Fia Ann), Cluain tSaileach agus Bríd Ní Bhuaidhe (Bridget Phaidí Bhuaidhe) Dun Dubháin.*

Is dócha go raibh carr Tony Bhrinie Thuathail gnóthach go leor lá ár gCéad Chomaoineach – is ag Tony a bhí tacsaí na háite ag an am. Nuair a chluinim faoi na limisíní a bhíonn faoi réir ag cuid de na daoine na laethanta seo fá choinne an lá mór seo ina saol, cuireann sé lá mo Chéad Fhaoistine i gcuimhne dom agus déanaim gáire beag liom féin. Is soineanta an saol a bhí againn san am sin!

*Fia Ann*

***An bhfuil cuimhne agaibh ar scéalta ar bith ar bhur n-óige. Bheadh lúcháir orainn cloisteáil uaibh. Déan teagmháil linn in oifig Chéim Aniar ar 074 9154830 / 086 2681915 nó ar ríomhphost ag ceimaniar@eircom.net.***

**Bruith cloch in im agus ólfar an sú**

# Cluain tSaileach

***(ar leanstan)***

**Muintir Mhicí Dhonchaidh**
**(Muintir Uí Ghallchóir).**

Tá an Chloich Bháin, atá ina cuid de bhaile fearainn




Chluain tSaileach ina suí thíos ar bhruach na Maoil Ruaidhe. Tuairim is céad slat ar an taobh eile de theach Jimí Dhonchaidh Mhicheáil ar an phríomhbhóthar glacann tú an bealach síos ar dheis. Thíos anseo bhí cónaí ar Mhuintir Uí Ghallchóir nó muintir Mhicí Dhonchaidh mar ab fhearr aithne orthu tráth den tsaol. Tógadh cúpla glún sa teach beag te teolaí seo agus is anseo atá cónaí go fóill ar Phadaí Ó Gallchóir (Padaí Neidí Mhicí Dhonchaidh) fear a bhfuil cuid mhaith den tsaol feicthe aige agus atá ar ais ar an tseanfhód agus ina shuí go seascair sa teach inár tógadh ann é. Níl cónaí ar bith anois sa dá theach a bhí cóngarach dóibh, sin teach Stephen Jack agus teach John Pheigí.

Bhí Donchadh, sinseanathair Phadaí, pósta ar an Chloich Bháin agus bhí ceathrar clainne aige – Madgie, a bhí posta i gCluain tSaileach ar Mhicheál Mac Giolla Bhríde; Neidí, a chuaigh go hAlbain; Micí, a bhí pósta ar an Chloich Bháin agus Antoin, a chuaigh go Meiriceá.

Bhí Micí pósta ar Chití Ní Ghallchóir (Cití Bhán) deirfiúr le John Bán Ghallchóir as an Ghlíob agus bhí clann mhór acu, an chloigean déag ar fad de réir daonáireamh na bliana 1911. Bhéarann an daonáireamh le fios go raibh beirt acu marbh. D’fhéadfadh sé go raibh Hughie marbh fán am sin ach níl barúil ar bith againn an gasúr nó girseach a bhí sa duine eile a fuair bás. Bhí seisear mac acu, Paidí, Hughie, Johnny, Dinis, James agus Neidí agus ceathrar iníonach, Máire, Bella, Roseann agus Ellen.

Rugadh **Paidí** thart fá 1876, cha raibh an tsláinte go maith aige agus fuair sé bás óg, cha raibh sé mórán le daichead bliain nuair a fuair sé bás.

Chuaigh **Johnny**, a rugadh 1881, go Meiriceá agus char phill sé ariamh. Fuair sé bás i gCalifornia i mí Iúil 1967.

Rugadh **Hughie** thart fá 1871. Chuaigh Hughie go Meiriceá fosta áit a raibh sé ag obair ar na bóithre iarainn. Fear téagartha láidir a bhí ann. Tharla achrann san obair lá amháin áit a deachaigh Hughie le tarrtháil a thabhairt ar dhuine de na fir a rabhas ag tabhairt drochbhuaileadh dó. Tamall ina dhiaidh sin fuair an té a bhí ciontach as an achrann barra iarainn, chuir sé é isteach i stocaí agus bhuail sé Hughie i gcúl an chinn leis. Cha dearn sé a dhath maith níos mó ina dhiaidh sin, tháinig sé ‘na bhaile agus fuair sé bás sa bhaile go luath ina dhiaidh sin.

Sa bhliain 1874 a rugadh **Dinis**. Is ar Albain a thug Dinis a aghaidh agus ba ansin a fuair sé bás.

Thug **James** saol fada leis, rugadh é timpeall 1885 agus fuair sé bás i 1977 in aois a dhá bhliain déag agus na ceithre scór. Bhí sé pósta ar an Chloich Bháin ar Sophia Ní Shibhleáin (Sophia Pharrtholáin), pósadh iad 1913. An chloigeann déag de chlann a thóg siad, seisear mac agus cúigear iníonach. Bhí aithne mhaith ag an phobal ar Hughie Rua duine de na mic mar gur chaith sé a shaol ag obair ar chúrsa gailf Ros na Binne. Duine modhúil, suaimhneach, neamhurchóideach a bhí in Hughie agus bhíodh sé le feiceáil an chéad rud maidin Samhraidh ag siúl ar na ‘greens’, ag cur bail orthu, ag scuabadh nó ag gearradh agus a bhfágáil in ord don lá. Rinne sé fhéin agus Patrick Dhonchaidh Phaidí Ó Buaidhe, a d’oibrigh ina chuideachta ar an chúrsa, éacht ina n-am nuair a chuireann tú san áireamh nach raibh gléasanna ná treallamh nua-aimseartha ar bith acu ar chúrsaí gailf san am sin, mar atá anois. Is léir go raibh lámh mhaith acu ar a gceird agus an-eolach ar a gcuid oibre mar go raibh an cúrsa gailf in ord den scoith acu i gcónaí. Tá an chlann seo uilig ar shlí na fírinne anois.

Ba **Neidí** an duine ab óige den chlann agus rugadh é sa bhliain 1892, ar an lá céanna ar pósadh a dheirfiúr Máire ar Mhicheál Ó Brógáin as an Mheall Mhór. Rinne Neidí cónaí sa teach inár rugadh ann é ar an Chloich Bháin. Phós sé Ellen Nic Giolla Bhríde (Ellen Mhicí John) as Gort na Luchóg agus bhí beirt chlainne acu, Paidí (atá ansin sa teach anois) agus Máire a bhfuil an chuid is mó dá saol caite aici amuigh in Chicago. Fear léannta a bhí in Neidí agus d’imigh sé go Londain ina fhear óg. Chuaigh sé isteach sna póilíní i Londain agus i ndiaidh do cúpla bliain a chaitheamh ansin mar bhleachtaire (detective) chuaigh sé isteach i gColáiste Mairnéalachta (Naval College) agus cháiligh sé mar Oifigeach Cabhlaigh. Bhí an bád a raibh sé uirthi istigh i mBaile Átha Cliath agus bhuail tinneas Neidí agus tháinig sé ‘na bhaile. Ba seo le linn Cogadh na Saoirse in Éirinn agus chuaigh Neidí isteach san IRA. Nuair a bhí an cogadh thart fuair Neidí pinsean an IRA. Fear suaim-



*Neidí ina phóilín i Londain*

hneach, múinte agus lách a bhí in Neidí agus deir Padaí nár leag sé lámh air ariamh agus é ag éirí aníos. Fuair Neidí bás ag Samhain na bliana 1977.

**Na Deirfiúracha.**

Rugadh **Bella** sa bhliain 1878 agus sa bhliain 1906 phós sí fear as Barr na Sráide a raibh Daniel Doherty air. Tá Barr na Sráide ar an Chloigeann in aice an bhealaigh mhóir agus tú ar an bhealach 'na Ghleanna. D'imigh siad go Londain agus chuaigh seisean isteach sna póilíní, (London Metropolitan Police). Bhí triúr clainne acu, Máire, Charles agus Hugh. Nuair a chuaigh Daniel agus Bella ar scor (retired) shocraigh siad a dhul a chónaí i gCallan, Co. Chill Choinnigh.

Rugadh **Máire** 1873 agus bhí sí pósta, mar atá luaite agam, ar Mhicheál Ó Brógáin, as an Mheall Mhór. Bhí dhá chloigeann déag de theaghlach acu, Hughie, Paidí, Rose, Máire, Bridget, Bella, Anton, Johnny, Cití, James, Margery agus Micí. Chaith Hughie agus Johnny a saoil ar an Mheall Mhór ag iascaireacht agus ag feirmeoireacht. Bhí Johnny pósta ar Sarah Dhoimnic (Ní Ghallchóir) as an Mheall Mhór fosta. Bhí ceathrar clainne acu Máire, Dinis, Antoin agus Margaret. Tá Dinis pósta agus cónaí air i gCarraig Airt; tá Máire agus Margaret pósta agus cónaí orthu i mBaile na nGallóglach agus tá Anton ar shlí na fírinne le traidhfil maith blianta. Phós Hughie Máire Thuathail (Nic a'tSaoir) as Baile na Deora. Cha raibh teaghlach ar bith acu.

Sa bhliain 1965 bhí an bád a raibh Hughie ag iascaireacht bradán uirthi caillte ar feadh cúpla lá. Ba seo bád Willie Cullen, an Pride of Mulroy. Bhí Nead Carr (Nead John Nochaí) agus Anton Mac Giolla Bhríde (Anton Shuss) ag iascaireacht uirthi fosta. Thosaigh an t-inneall a thabhairt buairimh agus stop sé sa deireadh agus b'éigean dóibh seol a chur suas ach bhí an aimsir comh dona sin go raibh deacrachtaí acu an mórthír a bhaint amach. D'éirigh leo sa deireadh thiar thall a theacht i dtír i gCúl Damhach (Culdaff) agus is cinnte gur faoiseamh mór a bhí ann dá muintir agus don phobal áitiúil a bhí go mór fríd a chéile ag an eachtra mar gur shíl siad iad a bheith caillte.

Ba ar bhád Jimí Mac Eiteagáin (Jimí Antoin) a chaith Johnny tréimhse fada ag iascaireacht.

Chaith a ndeartháir James a bhí pósta ar Mháire Ghráinne (Nic Giolla Bhríde) i Ros na Binne tréimhse fada mar innealtóir ar an 'Carrigart'. Rinne sé tréimhsí iascaireachta fosta ar bhádaí le Hughie Óg, - an 'Pious and Jude' agus an 'St. Columba'. Cúigear clainne a bhí acu, Máire, Johnny, Madge, Sarah agus Mary Agnes.

Bhí beirt de chuid girseacha Mhicí Dhonchaidh pósta i nDumhaigh, sin **Ellen** a bhí pósta ar John Mac Pháidín, (John Enda) agus bhí **Rosie** pósta ar John Mac Pháidín eile, John Dowdie mar ab fhearr aithne air. Bhí John Enda ina uncail ag John Dowdie.



*Cití Bhán ina suí, a iníon Ellen (máthair Mhicí John Enda) ar chlé, a iníon Bella ar dheis agus fear céile Bella, Daniel Doherty i lár. (1932)*

Rugadh **Ellen** timpeall na bliana 1888. Bhí deichniúr de chlann aici fhéin agus John Enda. Bhí Aindí, Hughie, Máire, Micí, Rosie, Pádraig (an sagart), Manás, Bella, Gráinne agus Cití. Bhí aithne mhaith againn uilig ar Mhicí mar gur chaith sé a shaol i nDumhaigh i dteach úr a tógadh in aice an tseantí. Bhí sé pósta ar Mhargaret Campbell as an Chratlach agus bhí beirt de chlann acu Máire agus Pádraig. Bádh Pádraig go tragóideach i 1993 agus tá Micí agus Margaret ar shlí na fírinne anois fosta. Tá cónaí ar a iníon Máire sa teach i gcónaí. Bhí croí Mhicí san fharraige agus chaith sé páirt mhaith dá shaol ag iascaireacht gliomach. Leoga b'iomaí coirnéal teann ar éirigh leis fhéin agus lena bhád éalú as. Bhí lá amháin, go háirithe, ag Pointe Dhumha ar éirigh leis a theacht slán i ndiaidh smionagar a bheith déanta dena bhád ar na carraigeacha. Scríobhadh leabhar sa bhliain 2000 darbh ainm 'One Man and his Boat' agus cibé áit a bhfeicfinn an teideal scríofa smaoineoinn ar Mhicí John Enda, é ag teacht amach as an Chorrach lena bhád bheag agus é ag imeacht soir Bháidh Thrá na Rossan ar thóir a chuid gliomach. Duine fial, garach agus lách a bhí in Micí agus bhí neart comhrá ann. Beirt mhúinteoir a bhí in Bella agus Rosie. Theagasc Bella i Scoil Dhoire a'Chasáin agus ansin i Rath Bhotha agus theagasc Rosie sa cheardscoil i mBaile na nGallóglach. Bhí Rosie pósta ar James Fisher.

Pósadh **Rosie** Mhicí Dhonchaidh agus John Dowdie (John Mac Pháidín) timpeall na bliana 1910 agus

thóg siad a gclann sa teach breá sin ar an ard ag amharc síos ar thráigh Dhumhaigh. Seisear clainne a bhí acu, triúr mac – Micí, Mánas agus John agus triúr iníonach – Katie, Máire agus Sophie. D'imigh Micí nuair nach raibh sé ach timpeall ocht mbliana déag agus char phill sé ariamh. Chaith Manás páirt mhaith dá shaol in Albain, bhíodh sé anonn is anall 'na bhaile agus chaith John a shaol fán bhaile. Bhí Katie pósta ar John Cronin as Corcaigh agus bhí triúr clainne acu, Patrick, John agus Nóra. Bhí Sophie pósta ar Mhanás Ó Gallchóir as an Raplach agus fuair Máire bás óg go leor ina saol.

**Pádraig Ó Gallchóir /Padaí Neidí Mhicí.**

Beirt de theaghlach a bhí ag Neidí Mhicí Ó Gallchóir agus a bhean Ellen Mhicí John, (Nic Giolla Bhríde) ba sin Padaí agus Máire. Tá Padaí, mar a dúirt mé, ina chónaí ar an Chloich Bháin sa teach inár tógadh é fhéin agus a mhuintir roimhe ann agus tá a dheirfiúr Máire i Chicago, áit a bhfuil cuid mhaith dá saol caite aici. Chan inniu nó inné a chuaigh Padaí go scoil Mhíobhaigh, áit nár thaitin go rómhaith leis agus chan ar fhéin a bhí an locht ach an oiread mar go raibh sé disléicseach (dyslexic). Cuireann seo isteach ar chumas duine an léitheoireacht a thabhairt leis. Sa tseanam cha raibh mórán eolais ná taithí ag múinteoirí ar an fhadhb seo a bhíodh ag páistí lena gcuid léitheoireachta agus dar ndóigh d'fhulaing páistí agus múinteoirí dá bharr. Bhí sé breá ábalta ag figiúirí, comh ábalta sin gur chuir an comhlacht iompair lena raibh sé ag obair i Londain, blianta ina dhiaidh sin, é ar choláiste le cúrsa cuntasóireachta a dhéanamh. Ach fán am a raibh sé i rang a trí bhí suim caillte aige sa scoil. Go minic, in áit a dhul na scoile ba ghnáth leis a dhul ag caddyáil agus lena chinntiú nach bhfaigheadh Neidí ná Ellen amach ba ghnách leis 3d a thabhairt do Mháire sa dóigh is nach sceithfeadh sí air.

Ba ghnách leis a bheith ag caddyáil do bhean Chatherwood, seo úinéir an óstáin. Bhí Francie Beag Mac Giolla Bhríde ina ghalfaire gairmiúil (Professional) ansin ag an am agus ba ghnách leis ceachtanna gailf a thabhairt do bhean Chatherwood. Dhéanadh sí dearmad go minic ar an chomhairle a gheobhadh sí uaidh agus chuireadh sí ceist ar Phadaí cad é dúirt sé léithe mar go mbeadh Padaí ansin ag éisteacht nuair a bheadh sí ag fáil na gceachtanna. Agus mar a dúirt Padaí é fhéin, 'piocann tú achan rud suas nuair a bhíonn tú beag'. Deireadh sí le Padaí 'Patrick, what did Francie tell me, what am I doing wrong?' Dúirt Padaí léithe lá amháin, 'Mrs Catherwood, you're not getting your hips out of the road in time, you're blocking the shot'. D'amharc sí ar Phadaí agus d'fhás na súile ina cloigeann fhad is a bhí sí ag amharc air.

Deir Padaí nach bhfuil difear ar bith, go bunúsach,



*Neidí Mhicí & Ellen Mhici John ar lá a bpósta le Hughie Ó Brógán ar chlé agus Maggie Mhicí John ar dheis.*



*Teach Phadí Neidí Mhicí agus an chloch bhán a thug a hainm don bhaile bheag seo.*

idir an chomhairle a bhí Francie beag a chur ar ghalfairí san am sin agus an chomhairle a fhaigheann galfairí sa lá atá inniu ann. Tá athruithe móra sna bataí agus sna cnaganna ach níl mórán d'athrú sa dóigh le cnag a bhualadh i gceart!

Bean chreathnach dheas a bhí in bean Chatherwood ach maidir le gailf de cha dtiocfadh léithe cnag a bhuaileadh amach as a bealach. Bhí sí iontach maith do Phadaí agus shocraigh sí post a fháil dó san Óstán, mar a dúirt sí fhéin leis, '....we'll try and get you something nice' agus fuair sí post do istigh i seomra na sceanra (silver pantry) i gcuideachta Danny Ghracie. Chuireadh siad sceana, spaonacha, forcanna agus cibé eile a bhí déanta as airgead isteach i meaisín mór agus thiocfadh achan rud amach as glan tirim. Ba sin sa bhliain 1948, bhí sé trí bliana déag ag an am.

Rud is dócha atá deacair a thuiscint anois ach cha raibh ólachán ar bith ar díol san óstán ag an am. Nuair a bhí Davy Beag Mac Giolla Choinnigh ina phríomhphoirtéir ansin ba ghnách leisean an t-ólachán a cheannacht agus é a thabhairt isteach agus duine ar bith a raibh deoch a dhíobháil orthu fuair siad deoch, ag leithéidí am lóin nó am dinnéir ach cha rabhas a dhíol go hoscailte san Óstán. Cha n-imreofaí gailf ar bith ar an Domhnach ach oiread. San am a raibh Padaí ag obair ansin ba ghnách le Frank Casey, a bhí ina phríomhfhreastalaí, Padaí a chur go Carraig Airt le hólachán a fháil don seomra bidh.

Séasúr amháin a d'fhan Padaí ag obair san Óstán. Ba ghnáth leis fanacht thall mar go raibh seomraí do na hoibrithe thuas ar chúl an Óstáin, áit a raibh na stáblaí. Cuid den mhuintir ar chuimhne leis iad a bheith ag obair ansin ag an am ná: Jimmí Shuss, (Mac Giolla Bhríde), Danny Den Óg (Mac Giolla Bhríde), Danny Ghracie (Mac Dáibhéid), Fia Bheag agus a deirfiúr Bella Rua (Ní Ghallchóir), Cití Den Shéamuis (Ní Luodhóg), Bidí Rua (Nic Giolla Chearra) agus scaifte mór eile mar gur fostóir mór a bhí san Óstán agus is cinnte gur bodaigh mhóra a d'fhan ann mar go raibh sé breá costasach le fanacht ann.

Ceann de na comórtais mhóra gailf a bhíodh acu achan bhliain ná an *Leitrim Cup,* comórtas dar ndóigh atá ansin go fóill. Ba chuimhin le Padaí a bheith ag caddyáil lá amháin i gcluiche ceannais an choirn seo d'fhear a bhí ag fanacht san Óstán agus ba fhear as Carraig Airt a bhí sa choimhlint leis, fear a raibh Seán Ó Gallchóir air, bhí Danny Den Óg ag caddyáil dósan. Socraíodh go mbeadh geall ar an chluiche fosta, geall de thrí phunt. Chaill Ó Gallchóir an cluiche, bhí sé buailte thuas ag ceann an Valley. Shocraigh siad cúpla punt a chur ar na poill a bhí fágtha agus chaill an Gallchórach seo fosta. Bhí fear Phadaí i ndiaidh £5 a bhaint agus an corn. Bhí lucht an Óstáin uilig ina seasamh thart ag an pholl dheireanach agus fuair an buaiteoir bualadh bos mór. Dhearbhaigh Padaí nach mbeadh siad leath comh lúcháireach ná an fháilte chéanna rompu ar chor ar bith da mba rud é gurb ag fear de bhunadh na háite a bheadh an bhuaidh. Cé nár bhain Seán Ó Gallchóir an corn agus go raibh £5 caillte aige thug sé 10s (nóta beag) do Danny Den Óg. Cha dtug an fear a bhí i ndiaidh an corn agus £5 a bhaint a dhath do Phadaí



*Sean-Óstán Ros na Binne*

ach leathchoróin (2/6). Dar ndóigh bhí an scéal seo uilig ag na caddies eile agus lá arna mhárach nuair a tháinig buaiteoir Chorn Liatroma aníos le dhul a ghalfáil scairt seanStephen ar Phadaí. 'Seo d'fhearsa Ghallchóir beag' arsa Stephen le Padaí. 'Níl mise dul leis inniu' arsa Padaí 'ach tá gasúr anseo a rachas leis'. Níl feidhm ainm an ghasúir a thabhairt ach is cinnte go raibh sé ar an eolas faoi cad é tharla an lá roimhe sin agus d'fhiafraigh sé do Phadaí an raibh mórán cnaganna sa mhála aige. 'Gráinnín maith de rudaí úra, iad sa pháipéar' arsa Padaí. I ndiaidh na h-ocht bpoll déag a bheith déanta dhíol an 'caddy' gráinnín maith de chnaganna úra leis an fhear, luach nóta beag de chnaganna. Nuair a thuig an fear gur cuireadh ceann trasna air thug sé aghaidh ar theach na gcaddies agus é dearg le fearg. Scairt Stephen Mór ar Phadaí, 'A Ghallchóir beag, 'níos anseo leat go tapaigh, cad é tháinig ar chnaganna an fhir seo'? 'Cha raibh mise amuigh leisean inniu' arsa Padaí. 'Cé bhí amuigh leis'? 'Cad é tá fhios agamsa' arsa Padaí, 'Sé thusa thug an mála dó'. Fágadh an scéal mar sin ach bhí díoltas agus cúiteamh faighte.

**Imirt Chártaí.**

Bhí imirt chártaí iontach coitianta agus é ag éirí aníos agus leis an imirt chártaí chuaigh achan chineál

diabhlaíochta agus mí-iompar. Ach sin an sórt saol a bhí ann agus shiúil caitheamh aimsire agus diabhlaíocht le chéile agus cha dtig a bheith ina dhiaidh sin ar stócaigh óga fá seo. Ní hamhlaidh agus saol an lae inniu. Is cuimhin le Padaí oíche amháin a chuaigh sé fhéin agus Jim James Sophie, (Ó Gallchóir), Micheál Dhonchaidh Mhicheáil, (Mac Giolla Bhríde), agus Dinis Bhrianaí Thuathail (Mac Giolla Bhríde) a imirt chártaí tigh Mhicí Mhicí Mhanáis (Ó Gallchóir). An Charghas a bhí ann agus bhí Micheál agus Jim i ndiaidh píopa agus unsa tobac a cheannacht áit a raibh shúil acu a dhul de na toitíní le linn an Charghais. Bhí bunús na ndaoine ag caitheamh san am sin, an mhuintir óg ar thoitíní agus an tseanmhuintir ar an phíopa. Bhí Padaí é fhéin ag caitheamh nuair a bhí sé dhá bhliain déag. Ba ghnáth leis a dhul síos tigh Bhuchan ag lag na hUillinne, áit a raibh siopa tráth den tsaol agus gheobhadh sé ceithre Woodbine ar dhá phingin.

Ba ghnách leis na cártaí críochnú thart fá cheathrú i ndiaidh an haondéag agus chaitheadh achan duine a bheith amuigh, am luí a bhí ann do bhunadh an tigh. An oíche áirithe seo tugadh breis ama dóibh leis an píopa a líonadh agus a lasadh. Bhain Padaí cúpla smailc as an phíopa agus ansin tháinig seileog ina bhráid; cha raibh dúil aige an tseileog a chaitheamh isteach sa luaigh agus shlog sé í, rud a d'fhág é iontach tinn. Ar chaoi ar bith caitheadh an píopa agus shocraigh siad é a líonadh arís. D'aithin Padaí go raibh Micí ag éirí rud beag corrach fá seo de thairbhe go raibh sé ag iarraidh fáil a luí. An chéad rud eile léim Micí ar a dhá ghlúin agus thosaigh ar 'Creidim i nDia an tAthair Uilechumhachtaigh...................' 'Má tá sibh chun suí go maidin liom' arsa Micí 'tá sé go réidh againn an paidrín a rá'. Is cinnte gur seift maith a bhí ann le fáil réitithe dóibh mar gur imigh na stócaigh faoi dheifir siar an bealach. Tháinig siad fhad le teach Shéarlaí Phadaí Mhadgie, fear nach raibh i bhfad pósta. Bhí teach Shéarlaí istigh sa chlúdaigh, ba seo sular thóg sé a theach úr. Rith Jim Sophie anonn agus bhuail sé cic ar an doras lena bhróga troma agus d'imigh an doras isteach i lár an urláir. Amach le Chéarlaí agus thosaigh an bhagairt, an callán agus an scairteach. Thosaigh sé ag bantráil ar mhuintir Shuss agus dar ndóigh chan iadsan a bhí ann ar chor ar bith. Bhí Padaí agus a chomrádaithe abhus ag teach Aindí Thuathail agus Chéarlaí ag bantráil i rith na haimsire.

Cúig fichead an cluiche mór a bhíodh acu i rith an Charghais agus d'imir siad cuid mhór 'brag' agus 'sola' fosta. Is cuimhin leis gur bhain sé dhá 'tilly' ar chúig fichead thuas i halla na paróiste nuair nach raibh sé mórán le dhá bhliain déag. Bhí sé oíche eile thuas tigh Thuathal Steafáin ag imirt brag agus cé a shiúil isteach ach a Dhaidí. Fuair sé greim cúl muiníl ar Phadaí agus mháirseáil sé é anuas Cnoc a' Mharcaigh agus isteach 'na tigh. Agus char fhág sé tigh Thuathail ach an oiread gan focal a bheith aige le Tuathal agus Méabha.

**Padaí in Albain.**

Cha raibh Padaí ach dhá bhliain déag nuair a d'imigh sé go hAlbain don chéad uair, timpeall na bliana 1947, anonn lena athair a chuaigh sé. Bhí a athair ag obair in Falkirk ach d'fhan Padaí i nGlaschú ag duine muinteartha leis, sin Mary Mc Allister. D'fhan sé thall tuairim is trí mhí ag an am. Cha raibh sé ag cur a chuid ama amogha thall ach an oiread mar chaitheadh sé cuid mhaith dá chuid ama ag déanamh timireachtaí do lucht siopaí.


Tá cuimhne mhaith aige ag dul anonn ar bhád Dhoire, í lán de ghirseacha óga as Iarthar na Contae a bhí ag dul anonn do shéasúr chruinniú na bprátaí. Cha raibh mórán áit codlata ar an bhád, bhí leapacha níos fearr ag an eallach ná mar bhí ag na paisinéirí. Cha raibh a dhath le cluinstin i rith na hoíche ach búirtheach an eallach agus d'fhág an boladh a tháinig uathu thíos sa teas cuid mhór daoine tinn agus bhíodh orthu a dhul amach ar an deic, áit a mbíodh sé damanta fuar bunús an ama. Chaith Padaí tréimhsí anonn is anall ag an am seo comh maith le tréimhsí ar an scoil ach ansin nuair a shroich sé a cheithre bliana déag thosaigh sé ag obair thall lena athair.

Bhí lóistín acu i mbothán (model) in Falkirk agus bhí cuid mhaith de bhunadh na háite ansin ag an am, a mbunús anois ar shlí na fírinne. Is cuimhin leis cearrbhach a bheith ina chónaí fá cheann de



*Padaí Neidí Mhicí ar ghalfchúrsa Ros na Binne*

na botháin thall agus bhíodh sé ag dul thart fan bhothán agus bíobla ina lámh aige i gcónaí agus hata bán air. George a bhí air. Oíche amháin chuaigh Con Frank, Tony Den Antoin, Micí Mhícheáil agus é fhéin isteach go Falkirk go bhfeicfeadh siad scannán úr a bhí i ndiaidh a theacht amach agus a raibh iomrá mhór air ag an am, ba sin an scannán Shane agus bhí Alan Ladd mar phríomhaisteoir. Nuair a tháinig siad ar ais 'na bhotháin agus iad faoi




thionchar an Western bhí George ina sheasamh ag an phláta te agus é ag cócaireacht. Sheas Con Frank ar a chúl agus dhinn sé a dhá mhéar isteach ina dhroim amhail is go raibh gunna aige, scanraigh George bocht agus dhóigh sé a lámh ar an phláta te agus thóg seo racán go bráth. Ghlac sé tamall fada rudaí a fháil socraithe.

Cha raibh sé mórán le cúig bliana déag nuair a thosaigh sé ag obair sna tolláin (tunnels) i dtuaisceart na hAlban, áiteacha ina raibh na scéimeanna Hydro ar obair. Fá cheann dhá bhliain eile bhí aithne mhaith aige ar Thuaisceart na hAlban óna chuid oibre ar na scéimeanna seo. Bhí sé ina cheannurra ar na sealanna oibre (shift work) i Delcroy nuair nach raibh sé ach sé bliana déag, sealanna oibre na hoíche. Agus bhí sé ina shaoiste (gaffer) ar scéim oibre in Falkirk, áit a bhfuair sé obair dona athair agus gan é ach seacht mbliana déag. Dúirt Padaí: 'Bhí mé óg agus lán muiníne ag an am agus d'fhoghlaim mé go tapaigh agus ag an aois sin glacann tú seansanna. Cha bhíonn eagla ort roimh a dhath'. Bhí an obair sna tolláin fliuch agus salach ach bhí an t-airgead maith. D'oibrigh siad sealanna dhá uair déag achan lá, trí lá dhéag amach as na ceithre lá dhéag. Bhí a gcuid lóistín i gcampaí, leathchéad fear in achan bhothán (hut). Cúig leaba is fiche ar achan taobh den bhothán. Ach bhí an bia go dona, cheannaigh siad amach as veaineanna a thigeadh thart ar na campaí.

Bhí sé bliain amháin eile ag obair ar scéim thuas in Inverary. Bhí sé fhéin agus James Mhicí Bán ag stopadh sa tseomra amháin. Ba ghnách le sagart a theacht isteach 'na champa achan mhaidin Domhnaigh leis an Aifreann a rá. Bhí an campa cúpla míle ón áit a raibh siad ag stopadh ach bhí gluaisrothar ag Padaí, 650 mór, agus ba ghnách leis fhéin agus le James a dhul un Aifrinn uirthi achan mhaidin Domhnaigh. Bhí áit ann a raibh corradh sa bhealach agus droichead air agus an mhaidin seo d'oscail Padaí amach a ghluaisrothar ach bhí radharc maith aige agus bhí fhios aige nach raibh a dhath ag teacht. Mhothaigh sé cuid lámha James ag teannadh ar a chuid easnacha. Bhí eagla ar James agus cé a bheadh ina dhiaidh sin air. I ndiaidh am Aifrinn thug sé faoi deara go raibh James ag déanamh moille nár ghnáth leis a dhéanamh. Sa deireadh arsa Padaí leis: 'A James, a dhearthháir bainfidh muid píosa den bhealach'. 'Ghallchóir beag, a thaiscí' arsa James, 'tá maidin dheas ann agus tá aer na maidne a dhíth ormsa, siúlfaidh mise isteach'. Bhí a sháith ag James den ghluaisrothar.

**Meiriceá.**

I ndiaidh do Phadaí bliain go leith a chaitheamh ag obair in Otharlann an Richmond i mBaile Átha Cliath chaith sé tamall fán bhaile. Lá amháin le linn do a bheith i mBaile Átha Cliath chonaic sé fógra i bpáipéar nuachta áit a raibh 'Boiler and Stationary Engineer' a dhiobháil i ndílleachtlann (orphanage) Naomh Seosamh amuigh i Chicago. Chuaigh Padaí isteach chuig an ghníomhaireacht (agency) i mBaile Átha Cliath a chur isteach an fógra agus rinne sé fiosrúchán faoi. D'fhiafraigh an bhean seo dó: 'What do you know about boilers'? agus dúirt Padaí léi: 'Everything'. Shocraigh Padaí ansin a dhul go Chicago ach sula ndearna sé sin shíl sé go mbeadh sé níos fearr dó amharc a fháil ar bhoiler mór áit inteacht. Chuaigh sé suas go hÓstlann Charraig Airt agus thug Padaí Carr é thart go bhfeicfeadh sé an boiler. Shíl Padaí nach mbeadh sé i bhfad ag teacht isteach air. Char amharc sé go mór sin ná comh casta sin!

Ar an ochtú lá fichead d'Aibreán 1963 thug Padaí aghaidh ar Mheiricea don chéad uair. Nuair a shroich sé an tAerfort i Chicago bhí carr ansin ina araicis ó Dhílleachtlann Naomh Seosamh. Tugadh é go dtí a láthair oibre úr agus bhí árasán ansin aige do fhéin in aice leis an dílleachtlann. Maidin lá arna mhárach bhí sé ina shuí breá luath ná is cinnte go raibh fonn air na boilers a fheiceáil. Tháinig fear thart a bhí ag amharc i ndiaidh na boilers ó d'fhág an t-innealtóir deireanach. Bhí an teach a raibh na boilers ann chóir a bheith comh mór leis an Fiesta, cha raibh Padaí ró-chinnte cad é mar rachadh rudaí ach bhí an t-eolas uilig ag an fhear dubh a bhí ag amharc ina ndiaidh. Ba seo fear a bhí thar a bheith cliste ar na gnothaí seo agus thug sé achan chineál eolais agus cuidithe do Phadaí. Chuidigh sé le Padaí achan lá go dtí go raibh rudaí idir lámha aige fá cheann seacht nó ocht de sheachtainí.

Chuaigh a dheirfiúr Máire amach i mí Iúil 1963 agus fuair sé post di leis an chóras iompar ansin, post ar chaith sí dhaichead bliain ag obair ann. Sula deachaigh Padaí isteach sa ghailf i ndáiríre bhí cúpla post eile aige fosta, thiomáin sé traenacha ar feadh tréimhse agus thiomáin sé busanna fosta do Continental Airlines.

**Gailf.**

Bhí sé idir phostanna am amháin agus thug sé ruaig suas go Golfland leis an áit a fheiceáil agus leis an am a chur thart. Fuair sé buicéad de chnaganna le cleachtadh a dhéanamh agus i ndiaidh tamaill chuaigh sé i gceann cainte leis an phroifisiúnach (professional). D'fhiafraigh an proifisiúnach dó nuair a chuala sé nach raibh sé i bpost ag an am an mbeadh suim aige post a bheith aige sa siopa proifisiúnaigh. Ghlac Padaí leis an tairiscint go fonnmhar agus trí mhí ina dhiaidh sin bhí Padaí ag tabhairt ceachtanna

gailf faoi chúram an phroifisiúnaigh. Ansin chuaigh sé chuig an scoil gailf agus cháiligh sé mar theagascóir le ceachtanna gailf a thabhairt. Tá sé ina bhall den U.S Golf and World Golf Teacher's Federation. Chaith Padaí na deich mbliana deireanacha dá shaol i Meiriceá ag tabhairt ceachtanna gailf agus bhí a chomhlacht fhéin bunaithe aige agus é cláraithe i Chicago fá choinne seo. Reáchtáil sé clinics gailf comh maith le bheith ag tabhairt ceachtanna príobháideacha.

**Sa Bhaile.**

Nuair a tháinig Padaí na bhaile lean sé ar aghaidh ag tabhairt ceachtanna gailf in Óstán Ros na Binne sna seachtóidí agus comh maith le sin bhí sé ag tabhairt ceachtanna gailf i gcuid de na scoltacha a bhí faoi chúram an Choiste Ghairmoideachais. Thairg Príomhfheidhmeannach an Choiste Gairmoideachais post buan do ag an am le gailf a theagasc sna scoltacha dara leibhéal a bhí faoina gcúram. Ba mhór an deis a bhí anseo do Phadaí ach char bhain sé tairbhe as an deis agus d'imigh sé ar ais go hAlbain.

Ach tá Padaí go fóill ag tabhairt ceachtanna gailf ag Óstán Ros na Binne agus bíonn sé le feiceáil go rialta thall ansin. Ceathrar de chlann a bhí ag Padaí agus a bhean Bernadette, triúr mac – Éamonn, Liam agus P.J. agus iníon amháin sin Máire. Tá Éamonn, Liam agus Máire ag obair agus ina gcónaí i Texas agus tá P.J san aerfhórsa agus cónaí air ó dheas de Chicago. Bíonn siad sa bhaile go rialta ar cuairt.

Sna blianta deireanacha tá suim mhór curtha ag Padaí i gcarranna agus i ngluaisrothair agus tá an chuid is fearr acu aige - ó Rolls Royce go Mercedes agus cúpla gluaisrothar den scoith.

Beidh Padaí na ceithre scór i mbliana agus cé shílfeadh sin mar go bhfuil sé aclaí folláin agus i mbarr a shláinte. Tá sé lán de scéalta, de chomhrá



*Padaí leis an ghalfaire cáiliúil Jack Nicklaus*

agus de sheanchas agus cuid mhaith grinn ag gabháil leo uilig. Macasamhail an mhórchuid den mhuintir a d'fhás aníos sna daichidí agus a bhí ar bhád na himirce go luath ina saol chonaic sé léan agus cruatan a bhain leis an saol ag an am ach bhí siad cliste agus tháinig an mhórchuid acu fríd go maith, d'fhoghlaim siad cuid mhór ar Ollscoil an tsaoil. Is deas an rud iad a fheiceáil anois ar a sáimhín só agus ag baint tairbhe as an athrú saoil atá againn le deich mbliain is fiche. Tá súil agam go mbainfidh Padaí sásamh as an chuid eile dá shaol agus go mbeidh an saol sin fada agus folláin.



# Buaiteoirí san Fhéile Náisiúnta Scoildrámaíochta



"An Leipreachán"
Dhá dhuais ag an Fhéile Náisiúnta Scoildrámaíochta
*Ó chlé ar chúl: Stiofán Mac Giolla Bhríde, Áine Nic Cionnaith, Naoise Ní Dhuagáin agus Jason Ó Buaidh. Ina suí ó chlé tá: Aobhá Pasoma, Proinsias Ó Cuilinn (Oifigeach Ealaíne) agus Aoibhinn Ní Chonaill.*

Bhí ceithre dhráma ar an ardán ag Céim Aniar don Fhéile Scoildrámaíochta a bhí ar siúl in amharclann An Ghrianáin i Leitir Ceanainn ar 26 Feabhra - *Na Trí Muca* le páistí ó Naíonáin Bheaga agus Naíonáin Mhóra, *Cinderella* le páistí ó Rang 1 & 2, *An Leipreachán* le páistí ó Rang 3 & 4 agus *Roth an Tíogar Cheiltigh* le daltaí ó Rang 5 & 6. Bhí na naíonáin agus Rang 3 & 4 ar an ardán sa Ghrianán arís ar 20 Márta ag Féile Uladh agus cháiligh Rang 3 & 4 don Fhéile Náisiúnta i Muileann gCearr, áit a bhain an dráma seo dhá ghradam, duais na rannóige agus duais don léiriú is fearr ar dhráma úrscríofa.

Moladh mór do na páistí uilig ar an obair dhícheallach a rinne siad agus do na tuismitheoirí a chuidigh ag na cleachtaí, ag na comórtais agus ag an Seó Mór i gColáiste Ros Goill.




*Na Naíonáin sa dráma "Na Trí Muca"*



*Rang 1 & 2 sa dráma "Cinderella"*




*Páistí agus a dtuismitheoirí agus iad ag imeacht chuig an Fhéile Náisiúnta Scoildrámaíochta i Muileann gCearr.*




*Rang 5 & 6 sa dráma "Roth an Tíogar Cheiltigh"*

**An té a bhfuil uisce is móin aige,
Tá an saol ina shuí ar a thóin aige.**

## Dhá Leabhar le hÚdair Áitiúla.

Níl mórán de leithscéal nach bhfuil ábhar go leor ar fáil do dhuine ar bith atá ag déanamh taighde ar stair nó béaloideas pharóiste Mhíobhaigh faoi láthair. Deirim seo de thairbhe gur foilsíodh dhá leabhar ar na mallaibh a bhfuil baint mhór acu le stair agus béaloideas na paróiste – is iad sin ***Mary of Mevagh*** le Áine Uí Ghallchóir agus ***Mevagh Miscellany*** le Máirtín Ó Muineacháin.




Maidir le ***Mary of Mevagh,*** insítear scéal Máire Ní Dhaimhín nó Máire Bhóidí, mar a b'fhearr aithne uirthi, bean chabhrach (midwife) a rugadh i mbaile fearainn Mhín Formlach sa bhliain 1878 agus a d'oibrigh go díograiseach i measc na ndaoine idir 1906 agus 1948. Bean óg éirimiúil a bhí inti nuair a chuaigh sí ag obair don Dochtúir Christie i gCarraig Airt agus ba eisean a spreag í le dul go Glaschú le traenáil mar bhean chabhrach sa chéad áit. Oileadh ansin í agus phill sí abhaile go Ros Goill go luath ina dhiaidh sin. Chleachtaigh sí a ceird tríd dhá Chogadh Domhanda aníos go dtí an bhliain 1948 nuair a d'éirigh sí as. Nuair a chuirtear i gcuimhne dúinn go bhfuair 10% de na leanaí a rugadh idir 1889 agus 1899 bás sa chéad bhliain dá mbeatha agus go bhfuair 600 máthair bás i ndiaidh breithe achan bhliain, tchítear dúinn chomh tábhachtach agus a bhí sé go raibh bean chabhrach oilte chumasach i mbun oibre sa pharóiste agus ba mhór an chéim chun tosaigh í do cheird an leighis i Ros Goill, Máire Bhóidí a bheith inár measc.

Ach tábhachtach agus uile agus a bhí scéal Mháire Bhóidí, bhí rí-thábhacht ag baint leis an stair shóisialta agus an cur síos ar bhéaloideas atá le fáil sna leathanaigh seo. Tá cur síos ar chleachtaí feirmeoireachta an ama sin, ar riar ainmhithe, curaíocht, talmhaíocht, tuartha aimsire, baint an


fhómhair agus sábháil móna. Ní le fir amháin a bhaineann sé mar déileálann sé leis an ról lárnach a bhí ag Bean a' Tí agus cúramaí ban tí, breith clainne agus pisreogaí a bhain leis, briseadh amach na heitinne (T.B.) luibheanna agus leigheasanna, báchrán agus sú cúl faiche.

I dtaca leis an saol sóisialta de, pléitear cúrsaí cleamhnais, suirí, damhsaí sciobóil, oícheanta áirneála agus scéalaíochta, Oíche Shamhna, pósadh an mheán oíche, chomh maith le bainiseacha agus fairí. Léirítear cumhacht na hEaglaise fosta le cur síos ar shagart a chuaigh thart i ndiaidh na ndamhsaí le bata draighin ina lámh agus gan leisce ar bith air é a úsáid ar fhir óga a bhí ag tabhairt faoina ndualgaisí suirí le barraíocht díograise! Tá cuntas ar ghnásanna Lá na Marbh agus creideamh agus pisreogaí na ndaoine.

Ó thaobh na staire de, tá cur síos ar thógáil Eaglais Naomh Eoin Baiste, ar Iarnród Ailt a' Chorráin agus Stáisiún an Chraoslaigh, Galf-Chúrsa Charraig Airt, tógáil Óstán Ros na Binne agus Cé na nDúnaibh, Cogadh Cathartha na hÉireann agus loscadh Stáisiún an Gharda Chósta, díshealbhuithe, Parnell, Mac Daibhéad agus Cogadh na Talún, Éirí Amach 1916 agus na Dubhchrónaí, oifigigh an Gharda Chósta, an R.I.C. agus iad siúd a raibh siad go minic sa tóir orthu – lucht déanta an phoitín. Luaitear Feallmharú an Tiarna Liatroma, póitseálaithe agus doladh coiníní, tincéirí agus lucht siúil. Tá trácht ar an Bhean Sí agus síogaí agus cúrsaí osnádúrtha. Déantar tagairt d'Aontaí Fostuithe i Leitir Ceanainn, ócáidí nach raibh mórán ní b'fhearr ná margaí sclábhaíochta ach leoga bhí daoine buíoch as fostú a fháil de thairbhe an droch-bhail a bhí orthu. Ní sa Lagán amháin a fuair páistí agus daoine óga an obair mar b'éigean do chuid mhór acu dul thar sáile agus tá imirce an lae inniu ina mhacalla den imirce truacánta a tharla tar éis an Chogaidh Eacnamaíochta idir 1932 agus 1938 agus ag síneadh níos faide ar ais go laetha an Ghorta Mhóir.

Mar sin, tá ábhar thar an mheasarthacht ar fáil sa leabhar suimiúil seo agus is fiú go mór luach an €10 atá air mar téann gach cent go Cumann Siondróm Down (Down's Syndrome). Ár mbuíochas d'Áine Uí Ghallchóir as an leabhar seo a scríobh agus ar mhaithe le duine ar bith nach n-aithníonn a hainm, is as Carraig Airt í Áine agus ba Nic Laifeartaigh a sloinne roimh phósadh. Bhí sí ina máistreás scoile ina ham ach tá sí éirithe as anois agus Gaeilge líofa den scoth aici i rith an ama, in ainneoin í bheith ina 'deoraí ' fá Mhín a Lábáin!

I dtaca le ***Mevagh Miscellany,*** tá cuntas iomlán ar Theach Pobail na paróiste, Eaglais Naomh Eoin Baiste, fríd na céimeanna go léir, ón phleanáil, an




feachtas ollmhór bailiúchán airgid, an tógáil a thosaigh sa bhliain 1866 go dtí ócáid iontach a choisreacan sollúnta ar an 12 Meán Fómhair 1886 leis an Easpag Ó Luadhóg agus ar aghaidh go dtí beannacht Chlog na hEaglaise leis an Easpag Ó Dónaill agus an Cairdinéal Ó Luadhóg in 1893.

Tá cur síos ar an Sagart thírghrách cháiliúil sin An tOirmhinneach Séamas Mac Pháidín a rugadh i nDún Mór taobh amuigh de Charraig Airt in 1842, an té a sheas an fód in aghaidh na dtiarnaí talún i bparóiste Ghaoth Dobhair. Tá beathaisnéis ghearr ar bheirt de lucht na paróiste a raibh clú agus cáil orthu, An tArd Easpag Dónal Mac Eiteagáin agus An Cairdinéal Mícheál Ó Luadhóg agus ar ndóiche tá cur síos ar shaol an Easpaig Pilib Uí Bhuaidhe agus ar ár sagart paróiste féin, an tAthair Cathal Ó Beirn.

Ach ní le cúrsaí eaglasta amháin a bhfuil baint ag an leabhar seo leo mar déanann sé cuntas ar Phearsantachtaí Thír Chonaill 1980, 1996 & 2007, is iad sin Diarmuid Breathnach, Aodh Ó Gallchóir agus Seán Mac Giolla Chearra faoi seach chomh maith le Pearsantacht na Bliana 2007, Aodh Ó Baoill. Ina theannta sin tá peileadóirí, staraithe, craoltóirí, scríbhneoirí, traenálaí capall, comhairleoirí contae, polaiteoirí agus daoine nach iad.

Samhlaigh na ceannlínte a ghnóthódh cás cúirte ar a bhfuil tuairisc sa leabhar, ina raibh Ard Easpag Ard Mhacha ina ghearánaí (plaintiff), duine de na príomh-fhianaisí ina shagart agus é i bpríosún Chill Mhaighneainn agus an cosantóir (defendant) ina thuata (layman)! Faigheann muid léargas ar ghnéithe den stair nár léir dúinn go dtí seo.

Is é Máirtín Ó Muineacháin údar an leabhair dea-thaighdte seo agus tá sean-aithne air sa pharóiste seo mar chaith sé blianta fada inár measc. Ba chóir go dtabharfadh na héachta atá bainte amach ag gnáth -dhaoine na paróiste bige seo in iargúltacht Thír Chonaill spreagadh don ghlúin óg agus do na glúnta atá le theacht agus tá muid faoi fhiacha ag Máirtín as an saothar fiúntach seo.

Tá an dá leabhar ar fáil go háitiúil.

**Ní ualach do dhuine an fhoghlaim**

## Aisteoirí Mhíobhaigh sa dráma "Ar Thóir an Óir"



*Ar chúl ó chlé tá Antaine Mac Giolla Bhríde (Fuaim & Soilse) Seán Mac Giolla Bhríde, Seán Ó Dochartaigh, Steafán Ó Sibhleáin, Seosamh Ó Cuilinn & Fíona Pasoma. Chun tosaigh ó chlé tá Cathaoirín Ní Shibhleáin, Laura Pasoma, Mícheál Pasoma, Brídín Mhic Uiginn, Ruaidhrí Mac Conaglaigh, Ailín Pasoma, Proinsias Ó Cuilinn agus Aodh Mac Laifeartaigh.*

Drámaí greannmhara den chuid is mó a chuir Aisteoirí Mhíobhaigh i láthair fríd na blianta ach anois is arís le codarsnacht a chur san áireamh dhéanfadh siad dráma dáiríre. Samplaí de seo: Peacadh Choilmcille i 2007, Taibhsí na nGael i 2012 agus anois i mbliana tá an dráma Ar Thóir an Óir. Tá an scéal bunaithe ar an "Gold Rush" a bhí i gCalifornia sa bhliain 1839. Tá dhá theaghlach ó Thír Chonaill ag obair taobh le taobh sna Rockies. Tá saint, fearg, fabhtacht agus díoltas ag reáchtáil fríd an dráma. I Radharc 2 tagann an dráma ar ais go hÉirinn sa bhliain 1870. Seo am na dTiarna Talún agus am an díshealbhaithe.

Bhain an dráma seo gradam don léiriú ag an Fhéile Náisiúnta Drámaíochta i gCorcaigh. Cuirfear an dráma seo i láthair i g**Colaiste Ros Goill Dé Luain, 21 Iúil** agus don uair dheireanach ar an Luan, **4 Lúnasa**. Bígí linn agus tá shúil agam go mbainfidh sibh sult as an dráma.

## Féile Drámaíochta Chéim Aniar

Bhí "Ar Thóir an Óir" ar cheann de na drámaí a cuireadh ar stáitse ag Féile Drámaíochta Chéim Aniar i gColáiste Ros Goill ag tús Aibreáin. Ag an fhéile seo fosta bhí an dráma "An Uacht" le hAisteoirí na hÓmaí, an dráma "Cladhairí na gCleas" le hAisteoirí Charn Tóchair agus "Idir Dhá Cheann na hImní", taispeántas aonair le Noel Ó Gallchóir, Aisteoirí Ghort a'Choirce. Ag an Fhéile Náisiúnta Drámaíochta i gCorcaigh bhain Seán Mac Giolla Chearra (Aisteoirí Charn Tóchair) agus Noel Ó Gallchóir (Aisteoirí Ghort a'Choirce) Gradam Aisteoireachta.



*Aisteoirí na hOmaí*




*Noel Ó Gallchóir*



*Seán Mac Giolla Chearra & C. Nic Ruaidhrí*

# Feadaímó

Tá Feadaímó agus Micí istigh i gcoill i bhFear Manach. Níl dóigh ar bith acu le Loch Éirne a thrasnú agus na capaill a thabhairt leo. Tá acu le dhul siar a fhad leis an chósta le dhul ó dheas agus níl coill ar bith nó sléibhte le dhul i bhfolach iontu is iad ag taisteal siar. Tá a fhios acu nach dtig leo coinneáil ag dul i dtreo na Gaillimhe is na capaill luachmhara leo gan a gcuid éadaigh a athrú. Chas siad le póitseálaithe sa choill agus tá Eoin, duine acu, ag cuidiú leo a mbealach a dhéanamh chuig táilliúir. Bhí an ghrian ag ísliú siar uathu nuair a tháinig siad amach as an choill. “An bhfuil muid i bhfad ó Ghleann an tSeabhaic?” arsa Feadaímó le hEoin. “Níl ach dhá mhíle go leith le dhul agus is fearr dúinn dhul ar ais faoi na crainn go dtitfidh an oíche,” arsa Eoin. “Mar a tchíonn sibh tá neart tithe sa cheantar seo agus cha dtiocfadh linn a bheith cinnte go gcoinneodh achan duine a bhéal druidte.” “Is fearr dúinn a bheith cúramach,” arsa Feadaímó, “cha bheadh a fhios agat, b’fhéidir go bhfuil an scéal amuigh ag na hÚdaráis anseo.” “Thig leat a bheith cinnte go bhfuil,” arsa Micí agus é ag treorú a chapaill isteach sa choill. “Níl coill nó sliabh, níl uaimh nó poll ó seo go Doire nach mbeas cuardaithe acu le greim a fháil orainn.” Bhí Eoin ina shuí ar stumpa de chrann agus d’amharc sé ar Fheadaímó. “Níl a fhios agamsa cad é a rinne sibh lena leithéid sin racán a thógáil agus níl me ag iarraidh fios a bheith agam. Ach thig libh a bheith cinnte nach rómhór atá muintir na háite seo leis na hÚdaráis. Ag mairstin ó lá go lá atá an chuid is mó againn.” Chaith sé seileog ar an talamh agus tharraing se píopa beag cré óna phóca. “Níl a fhios agam an t-am deireanach a chonaic an píopa seo tobac, ach sin saol s’againne thart anseo, a Fheadaímó. Muid ag streachailt ó dhubh go dubh leis an Fhear Gorta a choinneáil ón doras.” “Is amhlaidh atá sé, i mo cheantar fhéin,” arsa Feadaímó, “agus sin an tuige go gcaithfidh muid a bheith cúramach.” “Tá’n ceart agat,” arsa Micí agus é ag glanadh a ghunna. “Le ganntanas mar sin fán áit, má fheictear muid, agus má tá an t-airgead mór go leor mar éiric, scaoilfidh duine inteacht an t-eolas sin óna bhéal.” D’ísligh sé a ghlór agus é ag amharc ar Eoin. “Níl mise ag iarraidh mo mhuineál sínte.” “Ná mise ach oiread,” arsa Feadaímó i gcogar. Tháinig siorradh fuar ar mhuineál Eoin agus é ag amharc ar shúile mhíthrócaire na beirte seo. “A fheara,” a dúirt sé, “anois is arís caithfidh muinín a bheith agat i ndaoine. Thug mise m’fhocal daoibh agus sin a bhfuil agam. Cibé ar bith, b’fhearr liom na hÚdaráis iad fhéin a bheith sa tóir orm ná an bheirt agaibhse.” Thosaigh Feadaímó ag gáire agus thóg sé anuas an mála feoil ón chapall ballach. “Ná bíodh eagla ort, a Eoin,” a dúirt sé, “ach caithfidh tú tuigbheáil nach raibh lá suaimhnis againne le tamall anois agus dar ndóigh chonaic mé fhéin neart fabhtachta ó d’fhág mé an baile. Anois, sin go leor den chaint sin. Seo chugat,” agus shín sé píosa d’fheoil thirim chuige. “Tá seo níos measa ná a bheith sa chabhlach,” arsa Micí, “an bia ceannann céanna d’achan bhéile.” “Is feoil atá ann,” arsa Eoin agus a bhéal lán. “Tá seo cosúil le féasta domhsa. Prátaí le salann a bhíonn agamsa de gnáth.” “Bhail, coinneoidh sé anam le corp ceart go leor, a Eoin,” arsa Micí, “ach nuair a fhaighimse a fhad le Meiriceá chan íosaim a leithéid arís.”

Chaith siad an tráthnóna faoi na crainn ag éisteacht le hEoin ag insint dófa fá mhuintir na háite agus fán chineál Tiarna a bhí acu agus char mhothaigh siad an t-am ag dul isteach. Nuair a thit an dorchadas d’fhág siad an choill agus rinne siad a mbealach go deas ciúin chuig Gleann an tSeabhaic. Oíche chiúin dhorcha a bhí ann agus gan a dhath le cluinstin ach corr mhadadh ag tafann agus anois is arís fuaim srutháin le taobh an bhealaigh. Bhí orthu dul i bhfolach anseo is ansiúd nuair a chuala siad duine inteacht ar an bhealach rud a chur moill lena dturas. Sa deireadh d’fhág siad an bóthar agus lean siad cosán isteach i ngleann agus stad siad taobh amuigh de theachín bheag a bhí sáite istigh faoi bhinn. Labhair Eoin i gcogar leo. “Tuigeann sibh, a fheara, go gcaithfidh mé insint do Chondaí go bhfuil sibh ag teitheadh ón dlí. Char mhaith liom é a chur i gcontúirt i ngan fhios dó”. “Sin an rud ceart le déanamh, arsa Feadaímó, agus muna bhfuil sé sásta imeoidh muid linn.” “Fanaigí sibhse anseo bomaite,” arsa Eoin agus chuaigh sé fhéin chun tosaigh. Cha raibh solas ar bith le feiceáil agus bhí cuma ar an áit nach raibh duine ar bith ina suí. D’oscail Eoin doras an tí agus thosaigh madadh ag tafann. Bomaite ina dhiaidh sin las duine inteacht lampa agus chuala Feadaímó daoine ag comhrá. Glór cailín a bhí ann agus tháinig Eoin ar ais chuig an doras. “Hói, a fheara, cuirigí na capaill sa bhóitheach,” a dúirt sé go híseal. D’amharc Feadaímó thart ach cha raibh le feiceáil ach an teach beag. “Cá bhfuil sé?” a dúirt sé, níl sé ceangailte leis an tigh.” Tháinig cailín óg amach leis an lampa. “Leanaigí mise,” a dúirt sí agus chuaigh sí thart an coirnéal agus lean sí cosán beag isteach i scoilt a bhí sa bhinn, áit a raibh sruthán beag ag reáchtáil amach as agus lig siad do na capaill deoch a bheith acu. Chuaigh siad isteach níos doimhne sa scoilt agus bhí uaimh istigh anseo agus dhá bhó agus gamhain sa chúl ceangailte le rópaí. Bhí trí ghabhair ina luí i gcoirnéal amháin agus suas le dosaen cearca ar fara ar chlé. Chuir an uaimh seo iontas go bráth ar Fheadaímó. Bhí sé tirim



agus te le neart spáis agus bheadh foscadh maith ag na hainmhithe samhradh is geimhreadh. “Ta cruachán ar chúl an tí,” arsa an cailín, agus thig libh féar a thabhairt do na capaill.” D’amharc Feadaímó uirthi don chéad uair agus chonaic sé gur cailín deas dóighiúil a bhí inti. Bhí gruaig dhubh chatach uirthi agus dhá shúil ghorm aici as a raibh loinnir a chur croí Fheadaímó ag preabadh níos tapúla.

Bhí aoibh ar a haghaidh agus bhí deacracht ag Feadaímó labhairt. “Tá muid iontach buíoch duit,” a dúirt sé sa deireadh agus crith ina ghlór. D’amharc Micí air agus d’aithin sé go raibh an fear óg caillte i ndraíocht an chailín seo. “Is mise Micí, a dúirt sé, agus is é Feadaímó atá ar an fhear óg sin atá ina sheasamh

ansin lena bhéal foscailte. B'fhearr dúinn an féar seo a fháil, a Fheadaímó, tá sé ag éirí mall agus déarfainn go mbeidh an cailín seo, cibé cén t-ainm ata uirthi, ag iarraidh dul ar ais a luí." "Is Aobhá m'ainm agus níl tuirseach ar bith orm," arsa an cailín, "goitsígí agus taispeánfaidh mé an chruach daoibh." Tamall ina dhiaidh sin shiúil an triúr acu isteach thar thairseach an tí. Bhí Eoin ina shuí in aice na tine agus seanfhear nach raibh aige ach cos amháin ina shuí ar an leaba a bhí sa chlúid agus péire croisíní ina seasamh in éadan an bhalla. Bhí sé soiléir d'Fheadaímó gur táilliúireacht a chuaigh ar aghaidh sa teach seo. Bhí fuinneog mhór ar an bhalla cúil, rud a bhí aisteach go leor, agus tábla in aice na fuinneoige. Bhí siosúir, bata tomhais, téip, agus snáthaidí ar an tábla. Bhí brístí crochta ar rópa a bhí ceangailte leis na rachtaí. Cuid acu stróicthe agus cuid eile acu le paiste úra orthu. Bhí cúpla cóta agus seaicéad amháin crochta ar chrúcaí éadaigh ar an bhalla tosaigh.

Bhí lochta ar chlé agus faoi sin bhí doras eile a bhí foscailte agus chonaic Feadaímó go raibh seomra beag ansin agus beartaí d'achan chineáil éadaigh ann. "Tá cuma ar an áit seo gur fear gnóthach thú, a Chondaí," arsa Feadaímó. "Bhail leoga, a ghasúir, tá corr lá ann is cha ngeobhaim deis mé fhéin a thochas. Thóg Condaí píopa ón seilf beag in aice na tine. Bhí an tine coigilte don oíche ach thóg sé amach aibhleog bheag dhearg leis an maide briste agus las sé an píopa. "Seo chugat, a Eoin," a dúirt sé, agus chaith sé builcín tobac chuige. "Líon do phíopa agus ná bí ag amharc orm mar a bheadh madadh a chaill a chnámh." "Go mbeidh Dia sa choirnéal agat i gcónaí, a Chondaí, cha deachaigh smid toite thar mo theanga le mí anuas," arsa Eoin agus é ag gearradh an tobac le scian bheag phóca a bhí aige. Shín Condaí an aibhleog chuige agus las sé an píopa dó. "Cad é fán bheirt agaibhse? A dúirt sé. "Tá mo phíopa caillte'' arsa Micí, "ó léim mé isteach san abhainn an lá fá dheireadh. Chan tubaiste mhillteanach ar bith a bhí ann mar char amharc mé ar thobac le tamall anois." Thóg Condaí píopa beag eile agus shín se é chuige. "Rann é eadraibh" a dúirt sé, agus é ag rácáil na tine.

Chuir Aobhá tuilleadh móna ar na haibhleoga agus sula i bhfad bhí tine bhreá thíos acu. "Déanfaidh mé braon bracháin daoibh," a dúirt sí. "Cha ghlacann sé an fhad sin uilig." Shuigh siad ansin go socair suaimhneach ag caitheamh na bpíopaí gan focal eatarthu gur chuir Aobhá babhla mór bracháin ar ghlúin achan fhear. "Bhail anois," arsa Micí, nach againn atá saol an mhadaidh bháin. Díon os ár gcionn, tine bhreá sa teallach agus brachán den scoth againn le hithe." "Ceart agat," arsa Feadaímó, is fada an lá é ó bhí foscadh ón spéir san oíche againn." "Agus cad é'n sórt siúil atá oraibh," arsa Aobhá, "más amhlaidh an cás? Chan bacaigh bóthair ar bith sibh agus a leithéid de chapaill libh." "Arú anois, a Aobhá," arsa Condaí, "níl muidinne ag iarraidh fios a ngnóithe. Cibé c'as a dtáinig siad nó cén bealach a rachaidh siad cha ndéanann sé difir ar bith dúinne." D'amharc sé ar Fheadaímó agus aoibh ar a aghaidh. "D'inis Eoin domh go raibh culaith de shórt éigin a dhíobháil ortsa. Caithfidh mé a rá go nglacfaidh sé slat nó beirt sa bhreis le tusa a chlúdach. Inis domh anois cad é go díreach atá a dhíth ort.? "Níl rud ar bith róluachmhar a dhíth air," arsa Micí. "Culaith a bheadh ar Second Mate sa chabhlach atá uaidh." "Maith go leor', arsa Condaí, tabhair amach an rolla bréidín donn, a Aobhá, sílim gur sin an stuif ceart dó. Amharcóidh sé maith go leor agus rud eile de, mairfidh sé. Anois, a fhir óig, cuidigh liom seasacht agus déanfaidh me tú a thomhas. Chuir Feadaímó an babhla ar an urlár agus thóg sé Condaí amach as an leaba mar a bheadh bábóg ann. Choinnigh se greim air le lámh amháin agus thóg sé na croisíní lena lámh eile. "Maith thú," arsa Condaí, agus chuaigh sé a fhad leis an tábla. Tháinig Aobhá isteach ón seomra beag agus an bréidín léi. Thóg Condaí teip agus d'iarr sé ar Fheadaímó seasacht lena lámh amuigh. Thosaigh sé ag tomhas agus ag scairteadh amach uimhreacha d'Aobhá. Bhí dúch i mbuidéal ar an tábla agus scríobh sí na huimhreacha le cleite i leabhairín beag.

Cheistigh sí ceann de na huimhreacha agus phléasc Condaí amach ag gáire. "Tá mé ag insint duit, a Aobhá, agus thomhais mé na gualainneacha dhá uair le bheith cinnte. Tá fathach inár measc." D'amharc sé ar Fheadaímó nuair a bhí sé críochnaithe. "De ghnáth, a fhir óig, chaithfinnse amach dhá chulaith sa tseachtain ach ghlacfaidh sé cúigear nó seisear de laethanta fada culaith a dhéanamh duitse." "Is féidir leis tú a íoc más sin atá ag cur isteach ort, a Chondaí," arsa Micí. "Chan ea," arsa Condaí agus é ar a bhealach ar ais chuig an tine. Shuigh sé ar an leaba agus chuir sé na croisíní in éadan an bhalla. "Sé'n eagla atá orm ná go bhfuil na hÚdaráis sa tóir oraibhse agus cén áit a dtig libh dul i bhfolach go dtí go bhfuil mé réidh. Cha dtig libh fanacht anseo mar bíonn daoine amach is isteach achan lá liom." "Nach dtiocfadh leofa fanacht san uaimh, a Dhaid," arsa Aobhá, chan fheicfeadh duine ar bith iad istigh ansin." Bhí aoibh ar a haghaidh agus í ag amharc ar Fheadaímó. Chonaic Condaí na súile ceangailte le chéile ag an bheirt agus chan róshásta a bhí sé. Cha dtiocfadh maitheas ar bith as seo agus gheall sé do fhéin go mbeadh an chulaith déanta taobh istigh de cheithre lá aige. D'oibreodh sé lá agus oíche leis an sprioc sin a bhaint amach. Maith go leor, ach in ainm Dé, a fheara, ná bígí le feiceáil i rith an lae in am ar bith. Cha bheadh a fhios agat cé a bheadh ag buaileadh isteach chugamsa le péire bríste nó léine a fháil.

Beidh tuilleadh sa chéad eagrán eile.

*Proinsias Ó Cuilinn*



Bronnadh Ghlór na nGael
*Caoimhín Mac a'Bháird, Cathaoirleach Céim Aniar, ag glacadh Teastais agus Duais Iontaobhas Ultach ó Aire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich ag ócáid in Óstán Chaisleán Chluain Tarbh ar 29 Márta. Sa phictiúr fosta tá Pádraig Ó Ciardha, Cathaoirleach Ghlór na nGael.*

Buaiteoirí Tráth na gCeist sa Síbín Ceoil le Fear an Tí, Aodh Mac Laifeartaigh. An chéad áit: Emmet & Nóirín Goulding agus an dara háit: Seán Ó Dochartaigh agus Áine Mhic Giolla Bhríde.






## Siopaí Ros Goill

Beidh cur síos ar na siopaí a bhí i gceantar Ros Goill san am a chuaigh thart sna heagráin le teacht. Tá cuid mhaith eolais bailithe againn go dtí seo ach má tá pictiúir nó scéalta agaibh faoi na siopaí no fá na daoine a bhí ina mbun, bheadh muid buíoch dá mbeadh sibh sásta iad a chur chugainn. Bhéarfaidh muid aire do ghrianghraif a chuirfear chugainn agus cuirfidh muid iad ar ais chugaibh gan mhoill.



*Siopa Jim Donncha sna Dúnaibh*



*Siopa Mhaggie Uí Bhuaidh i gCluain tSaileach*



*Siopa Sheáin Mhóir i gCnoc an Dúin*

Údarás na Gaeltachta

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com